**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2008*

# Feidhmithe Matamaiticiúla

(200 marc)

**Dé hAoine, 6 MEITHEAMH**

**Maidin 9.30 – 11.30**

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo:
2. Scríobh na freagraí ar fad sna boscaí nó sna spásanna sa fhreagarleabhar seo.
3. Taispeáin obair riachtanach ar an leathanach bán atá ar an taobh deas ar aghaidh gach ceiste amach.
4. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.
5. Ba cheart freagraí a bhfuil airgead ag baint leo a thabhairt ceart go dtí an cent is gaire, mura luaitear a mhalairt.

**FREAGAIR CEIST A hAON AGUS TRÍ CHEIST EILE.**
TÁ NA CEISTEANNA UILE AR AON MHARC.

| *Don Fheitheoir amháin* | *Don Scrúdaitheoir amháin* | | |
|---|---|---|---|
| ***Stampa an Ionaid*** | 1. | Iomlán carnach ó bhun na leathanach | |
| | 2. | Iomlán na marcanna ar cheisteanna nár ceadaíodh | |
| | 3. | An marc iomlán (1 lúide 2) | |
| | 4. | Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. | Marc iomlán, má tá bónas ann don Ghaeilge. ( 3 + 4 ) | |
| | Nóta: | Ní mór don mharc i líne 3 (nó i líne 5 má tá bónas don Ghaeilge san áireamh) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca *Móriomlán* ar an liopa laistigh. | |

**1.** ***(a)*** Faigh 21% de €648·42.

***(b)*** Cuireadh trí sheic i dtaisce i gcuntas reatha.
€26·74, €1043·29 agus € 236·28 méid na seiceanna.

Ríomh an t-iomlán a cuireadh i dtaisce.

***(c)*** 4·6 m an fad atá i slios cearnóige.
Ríomh achar na cearnóige.

***(d)*** Ríomh $2\frac{1}{3} + \frac{5}{6} - \frac{1}{2}$.

***(e)*** Fágann tiománaí An Droichead Nua ar 05:20 agus sroicheann sé a cheann scríbe ar 14:15. Glacann sé sosanna 1·5 uair an chloig san aistear.

Ríomh an méid glan ama a chaith sé ag tiomáint.

***(f)*** Meánn mála leasacháin 25 kg.
Cén líon málaí a mheáfadh 1 tona?

***(g)*** Déantar litir a roghnú ar fán as an bhfocal STAITISTIC.

Cad é an dóchúlacht gur T an litir a roghnaítear?

***(h)*** D'imir foireann rugbaí 5 chluiche.
Ba iad 22, 17, 33, 20 agus 7 na scóir a fuair siad.

Cad é airmheán na scór?

***(i)*** Gabhann carr 270 km i 5·4 uair an chloig.
Ríomh meánluas an chairr.

Bain feidhm as an bhfoirmle $L = \frac{F}{A}$.

***(j)*** Is é 1:250 an scála ar léarscáil.

Cén fad slí a seasann 6 cm dó?

**Féadfaidh tú leas a bhaint as an leathanach seo chun aon obair riachtanach a bhaineann le Ceist 1 a léiriú.**

**2. Ceist na Gné Taighde ar *Bhuiséid***

Is é €397·80 an pá glan seachtainiúil a fhaigheann Pádraig.
Léirítear a chuid caiteachas sa tábla.

| **Caiteachais** | **Seachtainiúil** | **Laethúil** |
|---|---|---|
| *Riachtanach* | | |
| Cíos | €65 | |
| Earraí Grósaera | €76 | |
| Billí Breosla | €42 | |
| Iasachtaí | €32 | |
| *Roghnach* | | |
| Creidmheas Teileafón Póca | €20 | |
| Toitíní (1 phaca amháin in aghaidh an lae) | | €7·20 |
| Coigilteas | €25 | |

*(a)* Ríomh iomlán chaiteachas riachtanacha Phádraig in aghaidh na seachtaine.

*(b)* Ríomh a ioncam roghnach in aghaidh na seachtaine.

Ioncam roghnach = ioncam glan – caiteachas riachtanach

*(c)* Cé mhéad a chaitheann sé ar thoitíní sa tseachtain?

*(d)* Cén céatadán dá ioncam roghnach a chaitheann sé ar thoitíní?

*(e)* Ríomh barrachas seachtainiúil Phádraig tar éis **gach** caiteachas a bheith íoctha aige.

*(f)* De thoradh athruithe cánach sa cháinaisnéis náisiúnta, tagann méadú €4·20 sa tseachtain ar ioncam glan Phádraig. Tiocfaidh méadú 50 cent ar gach paca toitíní, áfach.

Ríomh an t-athrú ar bharrachas seachtainiúil Phádraig.

**Féadfaidh tú leas a bhaint as an leathanach seo chun aon obair riachtanach a bhaineann le Ceist 2 a léiriú.**

**3.** ***(a)*** Tóg ciorcal ar ga dó 2·5 cm sa bhosca thíos.

***(b)*** Tarraing trastomhas sa chiorcal agus scríobh síos a fhad.

***(c)*** Tóg triantán agus bíodh na trí stuaic de ar an gciorcal sa chaoi:

- gur slios amháin den triantán é an trastomhas atá tarraingthe agat, agus
- gurb é 3 cm an fad i slios amháin de.

***(d)*** Scríobh síos fad an tríú slios.

***(e)*** Marcáil an dronuillinn ar do léaráid.

***(f)*** Faigh achar an chiorcail, agus tú ag glacadh le $\pi = 3{\cdot}14$.

Achar an chiorcail = $\pi r^2$

**Féadfaidh tú leas a bhaint as an leathanach seo chun aon obair riachtanach a bhaineann le Ceist 3 a léiriú.**

**4.** Seo thíos na praghsanna ar thicéid aon lae le haghaidh pháirc shiamsa *Funworld*:

| **SÉASÚR** | **DÁTAÍ** | **AOSACH** | **LEANBH (Faoi 12)** | **TEAGHLACH (2 Aosach +2 Leanaí)** |
|---|---|---|---|---|
| Íseal | 01/01 go dtí 31/03 | €10 | €5 | €20 |
| Lár | 01/04 go dtí 31/05 | €12 | €8 | €30 |
| Ard | 01/06 go dtí 31/08 | €16 | €10 | €40 |

***(a)*** Cé mhéad a chosnaíonn sé ar aosach amháin lá a chaitheamh in *Funworld* ar 20ú Márta?

***(b)*** Tá beirt aosach agus ceathrar leanaí i dteaghlach Uí Choileáin. Trí bliana, cúig bliana, aon bhliain déag agus sé bliana déag aoiseanna na leanaí. Cé mhéad a chosnóidh sé ar an teaghlach sin lá a chaitheamh in *Funworld* i mí Iúil?

***(c)*** Caithfidh an teaghlach roinnt steirling a mhalartú ina euro.
Agus tú ag glacadh leis an ráta malartaithe £1 = €1·34, déan £550 a mhalartú ina euro.

---

***(d)*** Tá ioncam seachtainiúil €385 ag Risteard.
Is é 20% a ráta cánach.
Is é €52 a chreidmheasanna cánach in aghaidh na seachtaine.
Cé mhéad cánach a íocann Risteard in aghaidh na seachtaine?

***(e)*** Tar éis an cháin a bheith íoctha aige, cén céatadán d’ioncam comhlán Risteaird atá fágtha?

**Féadfaidh tú leas a bhaint as an leathanach seo chun aon obair riachtanach a bhaineann le Ceist 4 a léiriú.**

**5.** Is dalta dara bliain í Máire. Seo thíos a tráthchlár:

| | **Dé Luain** | **Dé Máirt** | **Dé Céadaoin** | **Déardaoin** | **Dé hAoine** |
|---|---|---|---|---|---|
| 09:00 – 09:40 | Fraincis | Béarla | Stair | Béarla | Gaeilge |
| 09:40 – 10:20 | Matamaitic | Stair | Matamaitic | Eolaíocht | Eolaíocht |
| 10:20 – 11:00 | Oideachas Reiligiúnach | Gaeilge | Béarla | Tíreolaíocht | O.S.P.S. |
| 11:00 – 11:15 | ***Sos na Maidine*** | | | | |
| 11:15 – 11:55 | Béarla | Fraincis | Tíreolaíocht | Matamaitic | Oideachas Reiligiúnach |
| 11:55 – 12:35 | Gaeilge | Matamaitic | Eac. Bhaile | Matamaitic | Ealaín |
| 12:35 – 13:15 | Stair | Oideachas Reiligiúnach | Fraincis | Béarla | Ealaín |
| 13:15 – 14:00 | ***Sos Lóin*** | | | | |
| 14:00 – 14:40 | Eolaíocht | Eac. Bhaile | Gaeilge | Fraincis | O.S.S.P. |
| 14:40 – 15:20 | Eolaíocht | Eac. Bhaile | Eolaíocht | Corpoideachas | Gaeilge |
| 15:20 – 16:00 | Tíreolaíocht | Tíreolaíocht | Eolaíocht | Corpoideachas | Eac. Bhaile |

***(a)*** Ríomh an méid iomlán ama a chaitheann Máire sa rang Dé Luain.

***(b)*** Cé mhéad ama a chaitear ar ranganna Matamaitice sa tseachtain de bhreis ar an méid a chaitear ar ranganna Staire sa tseachtain?

***(c)*** De thoradh cruinniú foirne ar an gCéadaoin, déantar 5 nóiméad a bhaint d'fhad gach ranga.

Cathain a bheidh deireadh leis an scoil an lá sin do na daltaí?

---

***(d)*** Glacann Áine, Liam agus Eoin páirt i dtráth na gceist. Chun a shocrú cén t-ord ina bhfreagróidh siad na ceisteanna, tarraingítear a gcuid ainmneacha as mála, ceann ar cheann.

Déan liosta de na slite uile a bhféadfaí na hainmneacha a tharraingt.

***(e)*** Scríobh síos an dóchúlacht gur san áit dheireanach a bheidh Eoin.

**Féadfaidh tú leas a bhaint as an leathanach seo chun aon obair riachtanach a bhaineann le Ceist 5 a léiriú.**

Leathanach Bán

*Don Scrúdaitheoir amháin*

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| Iomlán | |
| Bónas don Ghaeilge | |
| Móriomlán | |